

saolré an fheileacáin


uibheacha


bolb


cochall síoda


crisilid

## An Fiosraitheoir

### Tasc 1:

Cén fáth a gcaithfidh eiteoga an fhéileacáin triomú, do bharúil?

### Tasc 2:

Tá cuid de na féileacáin ildaite. Ainmnigh 5 rud eile atá ildaite.

Rewarding Learning

Gach íomhá agus léaráid © thinkstock.com

3 Saolré an Fhéileacáin

Foilseachán de chuid CCEA © 2014

Curaclam Thuaisceart Éireann

# Taisce Tuisceana



## Saolré an Fhéileacáin

# Saolré an Fhéileacáin

Is feithid speisialta é an féileacán. Bíonn féileacáin ag eitilt thart ar na bláthanna i rith an tsamhraidh. Tá cuid acu bán agus tá cuid acu ildaite. Ní mhaireann siad ach tamall beag. Tá céimeanna difriúla i saol an fhéileacáin agus tugann muid ‘saolré’ air sin.

Ar dtús, fágann an féileacán fásta **uibheacha** ar dhuilleoga nó ar an fhéar. Bíonn na huibheacha iontach beag agus deacair a fheiceáil. I ndiaidh cúpla lá, tagann **bolb** amach as an ubh. Tá dath glas ar an bholb agus tá spotaí oráiste air. Tosaíonn an bolb ag ithe na nduilleog – rud nach maith leis na feirmeoirí!

Thart faoi choicís ina dhiaidh sin, bíonn an bolb réidh le hathrú arís. Cuireann an bolb **cochall síoda** thart air féin. I rith an ama seo, bíonn an bolb ag athrú ina **chrisilid**.

Thart faoi choicís ina dhiaidh sin arís, osclaíonn an chrisilid agus tagann an féileacán amach. Caithfidh na heiteoga triomú ar dtús agus ansin bíonn an féileacán réidh le heitilt. Ní mhaireann sé ach mí nó mar sin, agus ansin faigheann sé bás. Sin saolré an fhéileacáin duit, saolré atá gairid agus casta ach galánta fosta!



# Ceisteanna

1. **Cad é an t-am is fearr den bhliain leis an fhéileacán a fheiceáil?**
   (a) Sa gheimhreadh
   (b) Sa tsamhradh
   (c) Ag an Nollaig

2. **I bparagraf 1 cad é a chiallaíonn an focal ‘ildaite’?**
   (a) A lán dathanna
   (b) Dath ar bith
   (c) Dath bán

3. **Cén fáth nach bhfuil dúil ag na feirmeoirí sna boilb, do bharúil?**
   (a) Cuidíonn siad leis na plandaí
   (b) Itheann siad a gcuid glasraí
   (c) Itheann siad a gcuid ainmhithe

4. **Cé chomh fada is atá ‘coicís’?**
   (a) Seachtain amháin
   (b) Dhá sheachtain
   (c) Trí seachtaine

5. **Tá an féileacán réidh le heitilt nuair atá sé ina:**
   (a) ubh.
   (b) bholb.
   (c) chrisilid.

6. **Cé acu atá fíor?**
   (a) Tá saolré an fhéileacáin measartha gairid
   (b) Maireann saolré an fhéileacáin tamall fada
   (c) Faigheann an féileacán bás i ndiaidh cúpla bliain